AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.7.2023
COM(2023) 464 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**34ú Tuarascáil Bhliantúil maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise – 2022**

{SWD(2023) 272 final} - {SWD(2023) 273 final} - {SWD(2023) 274 final} -
{SWD(2023) 275 final} - {SWD(2023) 276 final}

# Clár Ábhar


**1. Réamhrá ..... 4**

**2. Fócas ar phríomhbhearta ar leibhéal an Aontais ..... 4**

2.1. Athmhúnlú an Rialacháin Airgeadais ..... 5

2.2. Pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme ..... 6

2.3. Trasuí na Treorach CLA – staid na hoibre ..... 7

2.4. Athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta a ghabhann le straitéis frith-chalaoise an Choimisiúin ..... 7

2.5. Clár frith-chalaoise an Aontais ..... 7

2.6. Cláir an Aontais a bhaineann le Custaim agus Cánachas ..... 8

2.6.1. An clár Fiscalis ..... 8

2.6.2. Clár custaim ..... 8

2.6.3. Clár na hIonstraime um Threalamh Rialúcháin Custaim ..... 9

2.7. Rún Pharlaimint na hEorpa ar Thuarascáil PIF 2021 ..... 9

2.8. Tionscnaimh eile ..... 10

2.8.1. Clásail frith-chalaoise i gcomhaontuithe idirnáisiúnta ..... 10

2.8.2. An dara Plean Gníomhaíochta chun trádáil aindleathach tobac a chomhrac ..... 10

2.8.3. An sciúradh airgid a chomhrac agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta ..... 10

**3. Bearta na mBallstát chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ..... 11**

3.1. Straitéisí náisiúnta frith-chalaoise ..... 11

3.2. Bearta frith-chalaoise a glacadh ar an leibhéal náisiúnta ..... 12

3.3. Cur chun Feidhme Mholtaí 2021 an Choimisiúin do na Ballstáit ..... 15

**4. Neamhrialtachtaí, calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa atá díobhálach do bhuiséad an Aontais a chomhrac ..... 16**

4.1. Forléargas ginearálta ..... 16

4.1.1. Imscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF ..... 17

4.1.2. Imscrúduithe arna ndéanamh ag OIPE ..... 17

4.2. Ioncam – Acmhainní dílse traidisiúnta ..... 18

4.3. Caiteachas ..... 19

4.3.1. Talmhaíocht ..... 19

4.3.2. An beartas comhtháthaithe ..... 21

4.3.3. Réimsí buiséadacha eile ..... 22

4.4. Coireacht eagraithe, éilliú agus coinbhleachtaí leasa ..... 22

**5. Conclúidí agus moltaí ..... 24**

5.1. An chalaois a thuiscint chun í a chomhrac ar bhealach níos éifeachtúla ..... 24

5.2. An comhrac in aghaidh na calaoise a nuáil: an cás le haghaidh digitiú ..... 25

5.3. Rialachas frith-chalaoise a neartú ..... 25

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

I gcomhréir leis an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 325(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), gach bliain cuireann an Coimisiún, i gcomhar le Ballstáit an Aontais Eorpaigh, tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na bearta arna nglacadh chun an tAirteagal sin a chur chun feidhme (dá ngairtear Tuarascáil PIF). Ar bhonn na tuarascála sin, glacann Parlaimint na hEorpa a tairiscint bhliantúil i gcomhair rún maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus calaois a chomhrac.

I dTuarascáil PIF 2022 cuirtear i dtábhacht bearta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta arb é is aidhm dóibh leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

Tá cur chun feidhme na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi lán seoil anois agus tá roinnt gníomhaíochtaí glactha ag an gCoimisiún chun a áirithiú go gcuirtear chun feidhme iad i gceart. Go háirithe, tá iniúchtaí córais á ndéanamh a dhíríonn ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais, agus cuirtear i dtábhacht leo dea-chleachtais agus sainaithnítear laigí nach mór a cheartú.

Tá clár frith-chalaoise an Aontais sa dara bliain, clár lena maoinítear tionscnaimh ar fud an Aontais chun an comhrac in aghaidh calaoise a neartú agus tacaíocht a thabhairt do chothabháil agus forbairt uirlisí TF a thacaíonn le cúnamh riaracháin ag custaim agus tuairisciú neamhrialtachtaí.

Díríonn athmhúnlú molta an Rialacháin Airgeadais ar mhéadú na trédhearcachta i ndáil le húsáid chistí an Aontais agus feabhsú an digitiúcháin sa chomhrac in aghaidh na calaoise a ndéanann difear dóibh. Tá digitiú an chomhraic in aghaidh na calaoise ar cheann de na nithe ar a ndírítear sa phlean gníomhaíochta a ghabhann le straitéis frith-chalaoise an Choimisiúin a seoladh in 2022.

Tá bearta ceartaitheacha glactha ag Ballstáit tar éis nósanna imeachta an Choimisiúin maidir le sárú a seoladh i ndáil le trasuí mícheart Threoir CLA. Tá coinne leis go dtabharfar formhór na ngníomhaíochtaí sin i gcrích sna míonna amach romhainn.

Tá straitéis i bhfeidhm in 24 Bhallstát chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a mhéadú, nó tá straitéis á tabhairt i gcrích acu faoi láthair. Tá na straitéisí sin éagsúil i ndáil lena raon feidhme agus an réimse fócais atá acu, ach an cur chuige is coitianta atá ann ná straitéis náisiúnta frith-chalaoise (NAFS) a ghlacadh.

Chomh maith leis sin tá formhór na mBallstát tar éis cloí le moltaí an Choimisiúin chun anailís riosca a neartú agus digitiú a mhéadú sa chomhrac in aghaidh calaoise.

Maidir le himscrúduithe ar chalaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, tá ról tábhachtach ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh in ollstruchtúr foriomlán frith-chalaoise an Aontais. Maidir le líon na neamhrialtachtaí, idir neamhrialtachtaí calaoiseacha agus neamhchalaoiseacha, a thuairiscigh na Ballstáit i gcustaim agus bainistíocht chomhroinnte, léiríodh méadú i gcomparáid le 2021, fad a tháinig laghdú ar an tionchar airgeadais. Cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil na príomhréimsí atá i mbaol i ndáil le custaim, talmhaíocht agus beartas comhtháthaithe, bunaithe ar an anailís ar na sonraí sin.

Féadtar brath agus tuairisciú calaoise amhrasta a fheabhsú go mór fós, chomh maith leis na bearta leantacha i ndáil leis. Tá difríochtaí suntasacha le brath idir na Ballstáit fós. Ba cheart do na Ballstáit ráta tarlaithe íseal i ndáil le calaois infheistíocht a dhéanamh in anailís riosca ar chalaois chun measúnú a dhéanamh ar an méid a bhaineann brath íseal le leibhéal íseal iarbhír de chalaois nó le laigí córasacha sna córais braite nó tuairiscithe.

Ní mór do dhigitiú an chomhraic in aghaidh calaoise a bheith ag croí na straitéisí frith-chalaoise. Léirítear leis acmhainn agus bagairt araon, toisc go bhfuil calaoiseoirí ag baint úsáid agus leas as teicneolaíochtaí nua ar ráta méadaitheach anois chun a gcuid coireanna a dhéanamh. Ba cheart do

na Ballstáit a áirithiú go bhfuil digitiú an chomhraic in aghaidh calaoise mar chuid dá straitéisí náisiúnta frith-chalaoise. Molann an Coimisiún athuair do na Ballstáit nach bhfuil straitéis náisiúnta frith-chalaoise glactha acu fós déanamh amhlaidh.

## LIOSTA GIORRÚCHÁN

| | |
|---|---|
| AFCOS | Seirbhís Comhordúcháin Frith-Chalaoise |
| AFIS | Córas Faisnéise Frith-Chalaoise |
| CTIL | An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht |
| AML | An sciúradh airgid a chomhrac |
| BOI | Faisnéis cheangailteach i leith tionscnaimh |
| CAFS | Straitéis Frith-Chalaoise an Choimisiúin |
| CBT | Comhbheartas Talmhaíochta |
| CCEI | Clár na hIonstraime um Threalamh Rialúcháin Custaim |
| MAANNA | Córas Comhchoiteann Bainistíochta Riosca Custaim |
| EDES | An Córas Luathbhraite agus Eisiaimh |
| PE | Parlaimint na hEorpa |
| EPPO | Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh |
| ESIF | Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa |
| AE | An tAontas Eorpach |
| FEAD | An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí |
| FR | An Rialachán Airgeadais |
| OTI | Olltáirgeacht Intíre |
| IMS | An Córas Bainistíochta Neamhrialtachtaí |
| IPA | Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais |
| JCO | Comhoibríocht Chustaim |
| MAA | Cúnamh riaracháin frithpháirteach |
| CAI | An Creat Airgeadais Ilbhliantúil |
| NAFS | Straitéisí Náisiúnta Frith-Chalaoise |
| OLAF | An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise |
| PIF | Leasanna airgeadais a chosaint |
| RRF | An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta |
| TFTN | Taighde, Forbairt Teicneolaíochta agus Nuálaíocht |
| GTE | Gréasán Tras-Eorpach |
| CFAE | An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
| ADT | Acmhainní dílse traidisiúnta |
| UAFP | Clár Frith-Chalaoise an Aontais |
| CBL | Cáin Bhreisluacha |

## 1. RÉAMHRÁ

EUR 170.6 billiún ar an iomlán a bhí i mbuiséad an Aontais in 2022, méid arbh ionann é agus thart ar 1 % d'olltáirgeacht intíre (OTI) an Aontais. EUR 1 074.3 billiún ar an iomlán atá i gcreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027. Tagann acmhainní breise ó Next Generation EU, pacáiste téarnaimh eacnamaíoch an Aontais tar éis Covid, lena ndéantar foráil do chaitheamh EUR 750 billiún idir 2021 agus 2026.

Trí bhíthin na n-acmhainní sin, maoiníonn an tAontas a bheartais agus cuireann sé a aidhmeanna agus luachanna chun cinn.

Bainistíonn Ballstáit an Aontais an sciar is mó de chaiteachas an Aontais agus bailíonn siad acmhainní dílse traidisiúnta (ADT), dleachtanna custaim go príomha.

I gcomhréir le hAirteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), déanann an tAontas agus a Bhallstáit calaois agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac[1]. I gcomhréir le hAirteagal 325(5) de CFAE, gach bliain cuireann an Coimisiún, i gcomhar le Ballstáit an Aontais Eorpaigh, tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na bearta arna nglacadh chun an tAirteagal sin a chur chun feidhme. Comhlíonann an tuarascáil sin, dá ngairtear Tuarascáil PIF (cosaint leasanna airgeadais an Aontais) freisin, an oibleagáid sin le haghaidh 2022. Gabhann cúig dhoiciméad oibre leis[2].

***Bosca 1: Cur chuige modheolaíochta***

Sonraítear na sainmhínithe uile is infheidhme i mboscaí 1, 2 agus 3 de Thuarascáil PIF 2021.

Díríonn Tuarascáil PIF 2022 ar na príomhthionscnaimh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Soláthraítear sa leagan digiteach faisnéis bhreise trí hipearnaisc agus ábhar breise ionsuite.

I Roinn 2 den tuarascáil dírítear ar bhearta ar leibhéal an Aontais, agus i Roinn 3 cumhdaítear na bearta a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta. I Roinn 4 cuirtear i láthair sonraí agus na príomhthorthaí anailíseacha a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise, an éillithe, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí eile a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais. Cuirtear clabhsúr leis an tuarascáil le Roinn 5 ina bhfuil conclúidí agus moltaí.

## 2. FÓCAS AR PHRÍOMHBHEARTA AR LEIBHÉAL AN AONTAIS

Díríonn an roinn seo den tuarascáil ar na príomhfhorbairtí a bhaineann le príomhthionscnaimh bheartais agus reachtacha ar leibhéal an Aontais chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ní liosta uileghabhálach é.

---

1 Airteagal 310(6) CFAE.

2 Gabhann cúig dhoiciméad inmheánacha oibre ón gCoimisiún leis an Tuarascáil PIF seo:

a) Meastóireacht staidrimh ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh maidir le hacmhainní dílse, acmhainní nádúrtha, beartas comhtháthaithe agus cúnamh réamhaontachais, agus caiteachas díreach in 2022
b) Bearta a ghlac Ballstáit chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint in 2022
c) Bearta leantacha maidir le moltaí i dtaobh thuarascáil an Choimisiúin i dtaca le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise - 2021
d) Chlár frith-chalaoise an Aontais Eorpaigh – Cur chun feidhme 2022
e) An Córas Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES) — An painéal dá dtagraítear in Airteagal 143 den Rialachán Airgeadais

## 2.1. Athmhúnlú an Rialacháin Airgeadais

An phríomhchúis leis an athbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais[3] ná é a ailíniú le pacáiste an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), lena n-áirithítear go n-áirítear na rialacha airgeadais ginearálta uile i leabhar rialacha amháin, lena soláthraítear, dá réir sin, deimhneacht dhlíthiúil níos mó le haghaidh institiúidí an Aontais agus faighteoirí cistí. A mhéid a bhaineann le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, trí bhíthin leasú spriocdhírithe ar an Rialachán Airgeadais, tá sé i gceist ag an gCoimisiún tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh ar an méid seo a leanas: (i) an bealach a soláthraítear faisnéis don phobal maidir leis an mbealach a n-úsáidtear buiséad an Aontais agus maidir leo siúd a fhaigheann cistiú ón Aontas; agus (ii) cosaint bhuiséad an Aontais ar neamhrialtachtaí, ar chalaois, ar éilliú agus ar choinbhleachtaí leasa.

I ndáil leis an gcéad chuspóir, leis an togra, ceanglaítear ar na Ballstáit agus ar chomhlachtaí eile a chuireann buiséad an Aontais chun feidhme, faoi na foirmeacha bainistíochta uile, faisnéis a sholáthar don Choimisiún maidir le faighteoirí chistiú an Aontais uair amháin sa bhliain, lena n-áirítear aitheantóirí uathúla i gcás inar daoine dlítheanacha iad na faighteoirí. Chuirfeadh an Coimisiún an fhaisnéis atá ar fáil maidir le bainistíocht dhíreach leis an bhfaisnéis sin agus bheadh sé freagrach as an bhfaisnéis a chomhdhlúthú, a lárú agus a fhoilsiú i mbunachar sonraí ar shuíomh gréasáin aonair, leagan feabhsaithe den **Chóras Trédhearcachta Airgeadais**, agus na foirmeacha bainistíochta uile á gcumhdach. Leanfar cosaint chearta na dtairbhithe, i dtéarmaí a saolta príobháideacha agus sonraí pearsanta[4].

Saothrófar an dara cuspóir ar bhealach lena mbainfidh trí ghné. Ar an gcéad dul síos, beartaíonn an Coimisiún **córas TF comhtháite aonair** a úsáid le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca a dhéanamh **éigeantach**. Ar an dara dul síos, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin **raon feidhme agus éifeachtúlacht an Chórais Luathbhraite agus Eisiaimh** (EDES)[5] a leathnú, é a neartú trí bhíthin a chur i bhfeidhm i ndáil le cistí a spriocdhíriú ar bhonn níos fearr faoi bhainistíocht chomhroinnte agus bainistíocht dhíreach (mar shampla faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta). Molann an Coimisiún freisin cead a thabhairt d'eintitis chleamhnaithe agus/nó d'úinéirí tairbhiúla eintitis phríomha eisiata a eisiamh ó thairiscintí ar chonarthaí poiblí agus ar deireadh ó chistí AE a fháil. Maidir le diúltú do chomhoibriú in imscrúduithe, seiceálacha nó iniúchtaí a dhéanann oifigeach údarúcháin, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) nó an Chúirt Iniúchóirí, agus maidir leis an ngríosú chun fuatha nó idirdhealaithe, cuirtear iad sin leis mar fhorais le haghaidh eisiaimh. Ar an tríú dul síos, leis na leasuithe atá beartaithe don Rialachán Airgeadais, má fhormhuiníonn an comhreachtóir é, **méadófar éifeachtúlacht agus cáilíocht na rialuithe agus na n-iniúchtaí le cabhair ón digitiú agus ó na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn** amhail meaisínfhoghlaim, uathoibriú próiseas róbatach agus intleacht shaorga. Tá digitiú an chomhraic in aghaidh calaoise ina ábhar freisin don athbhreithniú ar an bplean

---

[3] COM(2022) 223 final, 16.5.2022

[4] I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1) agus Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295/39, 21.11.2018).

[5] Chun forbhreathnú mionsonraithe a fháil ar na cinntí a rinne an Painéal in 2022, féach 'An Córas Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES) — Painéal dá dtagraítear in Airteagal 143 den Rialachán Airgeadais' a ghabhann leis an tuarascáil seo.

gníomhaíochta a ghabhann le Straitéis Frith-Chalaoise an Choimisiúin (CAFS), a rinneadh in 2023[6].

## 2.2. Pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme

Tacaíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a thugtar le fios sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. Ceanglaítear le Rialachán RRF go nglacfaidh na Ballstáit gach beart is iomchuí chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an úsáid a bhainfear as na cistí dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme. Tá sé de cheangal ar na Ballstáit, dá bhrí sin, córais rialúcháin éifeachtacha agus éifeachtúla a chur i bhfeidhm agus comhlíontacht le reachtaíocht náisiúnta ábhartha uile agus reachtaíocht ábhartha uile an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear soláthar agus rialacha maidir leis an státchabhair. Is ar na Ballstáit atá an fhreagracht chun a áirithiú go ndéantar na hacmhainní sin a chosaint ar chalaois, ar éilliú, ar choinbhleacht leasa (a shainmhínítear mar “neamhrialtachtaí tromchúiseacha”) agus ar chistiú dúbailte[7].

Rinne an Coimisiún measúnú ar na córais rialúcháin sin sular formheasadh na pleananna agus déanann sé iniúchtaí córais ina dhiaidh sin[8].

I straitéis iniúchóireachta an Choimisiúin déantar foráil maidir le hiniúchtaí córais ar chórais bhainistíochta agus rialúcháin uile na mBallstát. In 2022, rinne an Coimisiún 16 iniúchadh córais a bhí dírithe ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais[9].

Leis na hiniúchtaí córais sin, cumhdaítear na 16 chomhlacht comhordúcháin agus 48 ngníomhaireacht feidhmiúcháin, amhail aireachtaí agus gníomhaireachtaí. Faoi dheireadh 2023, beidh iniúchadh déanta ar na Ballstáit uile uair amháin ar a laghad. Rinneadh 5 thasc iniúchóireachta le linn na chéad ráithe de 2023. Is ar bhonn measúnú riosca a roghnaíodh na comhlachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu.

Bunaithe ar an obair iniúchóireachta atá á déanamh faoi láthair, shainaithin an Coimisiún éagsúlachtaí sa tslí a gcuireann na comhlachtaí feidhmiúcháin agus comhordúcháin éagsúla a ndearnadh iniúchadh orthu a gcórais rialúcháin inmheánacha chun feidhme.

Le linn iniúchtaí RRF sainaithníodh dea-chleachtais i measc roinnt comhlachtaí feidhmiúcháin, amhail measúnú riosca a mhéid a bhaineann le baill foirne a mbaineann íogaireacht lena gcuid oibre, nósanna imeachta chun calaois fhéideartha agus éilliú féideartha a bhrath, go háirithe an úsáid a bhaintear as uirlisí mianadóireachta sonraí, nósanna imeachta chun coinbhleachtaí leasa féideartha a bhrath, agus nósanna imeachta chun cistiú dúbailte féideartha a fhíorú sula ndéantar cinneadh i ndáil le dámhachtain an deontais.

Baineann na príomh-shaincheisteanna a tháinig chun cinn le heaspa comhordúcháin leordhóthanaigh/maoirseachta leordhóthanaí ó chomhlachtaí comhordúcháin, straitéisí frith-

---

6 Féach Roinn 2.4.

7 I mí Mheán Fómhair 2021, chuaigh Europol, OLAF, OIPE, Eurojust agus 21 Bhallstát i gcomhar le chéile mar chuid de Oibríocht SENTINEL chun an rabharta calaoise lena raibh coinne a dhéanfadh difear do na cistí téarnaimh a réamh-mheas. Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach Tuarascáil PIF 2021, léargas 11, lch. 28.

8 I ndáil leis an measúnú ar na pleananna, féach Tuarascáil PIF 2021, roinn 5.3.

9 An Spáinn, an tSlóvaic, an Eastóin, an Danmhairg, an Ghréig, an tSeicia, an Iodáil, an Liotuáin, Málta, an tSlóivéin, an Bhulgáir, an Chipir, an Fhionlainn, Éire, an Laitvia agus an Pholainn.

chalaoise neamhiomlána, gnéithe in easnamh ó measúnuithe riosca calaoise, riachtanas ar fheabhsú rialuithe *ex ante* a dhíríonn ar choinbhleachtaí leasa a chosc, rannpháirtíocht íseal i ngníomhaíochtaí oiliúna atá beartaithe chun feasacht maidir le calaois a ardú, agus easnaimh sa tuairisciú ar neamhrialtachtaí chuig OLAF le himscrúdú a dhéanamh orthu. Tá an Coimisiún ag eisiúint moltaí agus tá sprioc-amanna le haghaidh cur chun feidhme comhaontaithe ag na Ballstáit chun na saincheisteanna sin a réiteach.

## 2.3. Trasuí na Treorach CLA – staid na hoibre

Ar an 5 Iúil 2017, glacadh Treoir (AE) 2017/1371 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (Treoir CLA)[10]. Chuaigh an sprioc-am chun an Treoir a thrasuí in éag an 6 Iúil 2019. Rinne an Coimisiún gníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhí ann fós i ndáil le comhlíontacht i mBallstáit áirithe[11].

Faoi dheireadh 2022[12], bhí nósanna imeachta maidir le sárú le haghaidh thrasuí mícheart na Treorach seolta in aghaidh 18 mBallstát.

In éineacht leis an tSeicia, ar dúnadh an nós imeachta maidir le sárú ina haghaidh in 2022, bhí coinne leis go mbeadh formhór na dtíortha sin i gcomhréir iomlán le Treoir CLA sna míonna amach romhainn.

## 2.4. Athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta a ghabhann le straitéis frith-chalaoise an Choimisiúin

Straitéis Frith-Chalaoise reatha an Choimisiúin, a glacadh in 2019, féachann sé le cosc, brath agus smachtbhannú calaoise a fheabhsú tuilleadh, agus soláthraítear léi creat le haghaidh iarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin chun an leibhéal calaoise in aghaidh bhuiséad an Aontais a laghdú. In éineacht léi tá plean gníomhaíochta ina bhfuil 63 ghníomhaíocht atá dírithe ar an gCoimisiún, agus as sin bhí 60 ceann acu tugtha i gcrích faoi dheireadh 2022 (nó, i gcás inar gníomhaíochtaí leantacha iad, tá siad ar bun fós). Chun iarrachtaí leanúnacha frith-chalaoise an Choimisiúin a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua, chuir OLAF tús le hullmhúcháin le haghaidh athbhreithniú ar an bplean in 2022.

## 2.5. Clár frith-chalaoise an Aontais

Le Clár Frith-Chalaoise an Aontais (UAFP), ag a bhfuil buiséad de EUR 181 mhilliún don tréimhse 2021-2027, soláthraítear tacaíocht airgeadais do chosaint leasanna airgeadais an Aontais

---

[10] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lgh. 29–41)

[11] Féach roinn 5.1 de Thuarascáil PIF 2021.

[12] An 10 Meitheamh 2023, bhí imeachtaí um shárú oscailte ag an gCoimisiún in aghaidh 20 Ballstát mar gheall ar thrasuí mícheart na Treorach. As an 20 imeacht, osclaíodh dhá cheann in 2023 (an Bhulgáir agus an Pholainn), dúnadh ceann acu (an tSeicia) agus, i gcás eile (an Fhionlainn), bheartaigh an Coimisiún tuairim réasúnaithe a sheoladh. Maidir leis na 16 thír eile (an Bheilg, an Chipir, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Chróit, an Ungáir, Lucsamburg, an Laitvia, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSualainn, an tSlóivéin agus an tSlóvaic), tá an Coimisiún anois ag déanamh measúnú ar na freagraí ar na litreacha fógra fhoirmiúil a fuair sé ó na Ballstáit.

a dhéanann na Ballstáit; d'eagrú an chúnaimh riaracháin fhrithpháirtigh agus comhar i gcustaim agus ábhair talmhaíochta (comhpháirt AFIS); agus d'fhorbairt agus cothabháil an Chórais Bainistíochta Neamhrialtachtaí (IMS) le haghaidh tuairisciú a dhéanann na Ballstáit ar neamhrialtachtaí.

Le Cinneadh Maoiniúcháin 2022 sannadh EUR 15.4 milliún do chomhpháirt Hercule, EUR 9 milliún le haghaidh chomhpháirt AFIS agus thart ar EUR 1 mhilliún le haghaidh chomhpháirt IMS. Cuireadh na cistí a bhí ar fáil chun feidhme go rathúil in 2022 agus úsáid á baint as na hionstraimí maoiniúcháin éagsúla a bhí ar fáil:

- Foilsíodh dhá ghlao ar thograí agus rinneadh meastóireacht orthu, deonaíodh 38 ndeontas d'údaráis, ollscoileanna agus institiúidí taighde Ballstát;
- Chomh maith leis sin chistigh an clár gníomhaíochtaí éagsúla ar son údaráis na mBallstát, amhail oiliúint speisialaithe dlí-eolaíochta agus anailíse agus rochtain ar bhunachair sonraí tráchtála;
- Tugadh socruithe riaracháin i gcrích leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde, socruithe lena soláthraítear taighde speisialaithe anailíseach do thaighde ar mhodhanna nua chun calaois chustaim fhéideartha a shainaithint agus, de réir mar is iomchuí, uirlisí TF gaolmhara a fhorbairt d'údaráis na mBallstát (e.g. uirlis faireacháin uathoibrithe, anailísíocht maidir le gluaiseacht coimeádán, agus anailísí ar thobac).

## 2.6. Cláir an Aontais a bhaineann le Custaim agus Cánachas

### 2.6.1. An clár Fiscalis

Is é is aidhm don chlár Fiscalis tacaíocht a thabhairt d'údaráis chánach chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, iomaíochas a chothú, calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac agus bailiú cánach a fheabhsú, gníomhaíochtaí lena gcabhraítear le leasanna airgeadais na mBallstát agus cáiníocóirí a chosaint. Tacaíonn an clár leis na húdaráis ábhartha chun dlí an Aontais a chur chun feidhme i réimse na cánachais le malartú faisnéise a áirithiú, tacaíocht a thabhairt do chomhar riaracháin agus cabhrú le hualach riaracháin údarás cánach agus costais chomhlíontachta do cháiníocóirí a laghdú nuair is gá.

In 2022 lean an clár Fiscalis ar aghaidh lena ghníomhaíochtaí i réimse an chánachais, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an aistriú digiteach. Mar shampla, chistigh an clár gníomhaíochtaí a thacaíonn le malartú uathoibríoch faisnéise, rud a chuireann ar chumas údarás riaracháin cánach a gcuid acmhainneachta a neartú i ndáil le plé leis an gcalaois chánach, imghabháil cánach agus pleanáil ionsaitheach cánach.

### 2.6.2. Clár custaim

Tacaíonn clár custaim an Aontais le forbairt agus oibriú na gcóras TF láir le haghaidh custam san Aontas Eorpach. Is é is aidhm don chlár leasanna airgeadais agus eacnamaíocha an Aontais agus a Bhallstát a chosaint.

In 2022, leanadh de ghníomhaíochtaí an Chláir custaim i gcomhréir le tosaíochtaí beartais an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an aistriú digiteach agus glas, agus d'fhonn tacaíocht a thabhairt d'fheidhmiú cuí an aontais custaim. I dtéarmaí córas TF go háirithe, in 2022 thosaigh Córas Bainistíochta Riosca Custaim 2 (CRMS) ag oibriú, córas lenar féidir faisnéis a bhaineann le riosca a mhalartú san fhíor-am idir údaráis chustaim na mBallstát, lenar féidir feabhsuithe móra a chur ar roinnt na faisnéise riosca agus na cumarsáide idir saineolaithe na mBallstát a phléann le rioscaí agus bainistíocht riosca.

### 2.6.3. Clár na hIonstraime um Threalamh Rialúcháin Custaim

Tacaíonn Clár na hIonstraime um Threalamh Rialúcháin Custaim (CCEI) le trealamh rialúcháin custaim a cheannach, a chothabháil agus a thabhairt cothrom le dáta chun cigireacht neamhchunórach a dhéanamh, ábhair cheilte ar dhaoine a shainaithint, radaíocht a bhrath, núiclídí a shainaithint, anailís a dhéanamh ar shamplaí i saotharlanna, sampláil agus anailís allamuigh a dhéanamh ar shamplaí, chomh maith le huirlisí cuardaigh láimhe agus cineálacha eile trealaimh teicneolaíochta braite neamhchunóraigh nuálacha.

In 2022, gealladh i ndeontais a síníodh faoin gcéad Chlár Oibre Ilbhliantúil CCEI EUR 273.5 milliún i gcistiú ón Aontas chun ceannach, cothabháil agus nuashonrú trealaimh rialúcháin custaim úrscothaigh ag pointí trasnaithe teorann agus saotharlanna custaim ar fud an Aontais a chómhaoiniú.

## 2.7. Rún Pharlaimint na hEorpa ar Thuarascáil PIF 2021

Ar an 19 Eanáir 2023 ghlac Parlaimint na hEorpa a rún maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint don bhliain 2021[13].

Fáiltíodh sa Rún roimh iarrachtaí an Choimisiúin i ndáil le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus moladh tuilleadh gníomhaíochta i réimsí éagsúla a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise. Tugadh faoi deara sa rún gur cheart don Pharlaimint ról suntasach a ghlacadh i rialú RRF agus iarradh digitiú feabhsaithe, idir-inoibritheacht córas sonraí agus comhchuibhiú faireacháin agus tuairiscithe san Aontas. Chuir an Pharlaimint i dtábhacht na bagairtí móra ar bhuiséad an Aontais, amhail coireacht eagraithe agus éilliú trasteorann. Chomh maith leis sin, d’iarr sí ar an gCoimisiún togra a chur i láthair chun comhlacht eitic idir-institiúideach a bhunú, a shásraí rialúcháin inmheánacha a neartú agus ‘tréimhse mharana’ a thabhairt isteach chun dul i ngleic le feiniméan an ‘dorais imrothlaigh’. Chuir an Pharlaimint i dtábhacht ról OLAF, OIPE, Eurojust agus Europol sa chomhrac in aghaidh calaoise agus éillithe agus rinne athéileamh ar acmhainní leordhóthanacha a áirithiú dóibh. D’iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún na céimeanna is gá a dhéanamh chun trasuí éifeachtach Threoir CLA, Treoir (AE) 2018/843 (‘An Cúigiú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac’)[14] agus Treoir (AE) 2019/1937 (‘An Treoir maidir le Cosaint do Lucht Sceite Eolais’)[15] a áirithiú. Chuir an Pharlaimint i dtábhacht gur cheart cistí a chaitear ar thíortha nach Ballstáit den Aontas iad a rialú ar bhonn níos fearr.

**_Léargas 1 - freagra an Choimisiúin ar rún Pharlaimint na hEorpa_**

Tá gníomhaíocht déanta ag an gCoimisiún cheana féin i roinnt réimsí a chumhdaítear faoin rún. Leis an athmhúnlú beartaithe ar an Rialachán Airgeadais[16], féachtar le cosaint leasanna airgeadais an Aontais a fheabhsú, trí dhigitiú an chomhraic in aghaidh calaoise freisin. Mar a d’fhógair an

[13] Comhad nós imeachta 2022/2152(INI)

[14] Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (IO L 156, 19.6.2018, lgh. 43–74)

[15] Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17)

[16] Féach Roinn 2.1.

tUachtarán von der Leyen[17], tá curtha i láthair le déanaí ag an gCoimisiún pacáiste frithéillithe cuimsitheach[18] arb é is aidhm dó an t-éilliú a chosc agus cultúr ionracais a fhorbairt, sainmhínithe ar chionta coiriúla a chomhchuibhiú, leibhéal na smachtbhannaí coiriúla a mhéadú agus imscrúduithe éifeachtacha agus ionchúiseamh éillithe a áirithiú (lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cosaint leasanna airgeadais an Aontais). Thug an Coimisiún togra[19] i láthair le haghaidh comhaontú comhpháirteach chun Comhlacht Eitice idirinstitiúideach a bhunú. Tá foireann sa bhreis faighte ag OIPE chun dul i ngleic leis an ualach oibre méadaithe. Déanfaidh OLAF cleachtadh mapála ar na Seirbhísí Comhordúcháin Frith-Chalaoise (AFCOS) in 2023 chun measúnú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí eile a bhfuil gá leo chun iad a neartú, agus cé acu atá nó nach bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochtaí[20].

## 2.8. Tionscnaimh eile

### 2.8.1. Clásail frith-chalaoise i gcomhaontuithe idirnáisiúnta

Maidir leis na forálacha frith-chalaoise iomchuí sna comhaontuithe idirnáisiúnta a thugann an tAontas i gcrích lena chomhpháirtithe trádála, cuireann siad go mór le cosaint leasanna airgeadais an Aontais. In 2022, rinne an Coimisiún caibidlíocht i ndáil le forálacha um chúnamh riaracháin frithpháirteach (MAA) agus bearta frith-chalaoise éifeachtacha i gceithre chomhaontú idirnáisiúnta[21].

### 2.8.2. An dara Plean Gníomhaíochta chun trádáil aindleathach tobac a chomhrac

In 2022, chríochnaigh an Coimisiún agus OLAF cur chun feidhme na 49 ngníomhaíocht a áirítear sa dara Plean Gníomhaíochta chun trádáil aindleathach tobac a chomhrac, 2018-2022.

### 2.8.3. An sciúradh airgid a chomhrac agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta

D’fhéadfadh coireanna eile tarlú i ndiaidh calaoise in aghaidh bhuiséad an Aontais freisin, calaois a d’fhéadfadh a bheith ina coir phreideacáide. Dá réir sin, fiú mura bhfuil baint dhíreach aige le cosaint bhuiséad an Aontais, d’fhéadfadh creat dlíthiúil an Aontais maidir leis an sciúradh airgid a chomhrac agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta[22] a bheith ábhartha sa chomhthéacs seo. Leanann an Coimisiún air ag láidriú chur chun feidhme an chreata beartais maidir leis an sciúradh airgid a chomhrac agus déanann sé a dhícheall chun dea-chomhar agus malartú faisnéise a bhunú leis an údarás maidir leis an sciúradh airgid a chomhrac atá ar na bacáin.

[17] Aitheasc ar Staid an Aontais an 14 Meán Fómhair 2022.

[18] 3 Bealtaine 2023.

[19] COM(2023)311 final an 8 Meitheamh 2023.

[20] Tuilleadh eolais i bhfreagra oifigiúil an Choimisiúin ar Pharlaimint na hEorpa.

[21] An Astráil, an Indinéis, an India, agus an Ríocht Aontaithe i leith Ghiobráltar.

[22] https://finance.ec.europa.eu/financial-crime/eu-context-anti-money-laundering-and-countering-financing-terrorism_en. Tráth ullmhú na tuarascála seo, tá tuairiscithe ag na Ballstáit uile trasuí iomlán an chúigiú treoir maidir leis an sciúradh airgid a chomhrac (Treoir AE 2018/843) maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc.

## 3. BEARTA NA mBALLSTÁT CHUN LEASANNA AIRGEADAIS AN AONTAIS A CHOSAINT

### 3.1. Straitéisí náisiúnta frith-chalaoise

Tar éis don Choimisiún na Ballstáit a ghríosú lena straitéisí náisiúnta frith-chalaoise (NAFS) a ghlacadh, níor thug ach trí Bhallstát le fios in 2022 nach bhfuil aon straitéis acu chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Bhí an cur chuige a bhí ag na 24 Bhallstát eile an-éagsúil[23].

Tá straitéis náisiúnta frith-chalaoise i bhfeidhm ag 15 Bhallstát. Thuairiscigh cúig Bhallstát go raibh straitéis á dréachtú acu nó go raibh siad chun straitéis a ghlacadh go luath, fad a thug ceithre Bhallstát eile le fios go bhfuil straitéis eile i bhfeidhm acu[24].

***Fíor 1 Forbhreathnú ar an gcineál straitéise frith-chalaoise atá á saothrú ag na Ballstáit agus na réimsí a gcumhdaítear leo***




Ba straitéisí trasearnála iad naoi gcinn as 15 straitéis náisiúnta frith-chalaoise, lena gcumhdaítear leasanna airgeadais an Aontais ina n-iomláine. Tá cur chuige éagsúil ag baint le straitéisí náisiúnta eile, a dhíríonn ar earnálacha sonracha nó iomadúla, amhail caiteachas (bainistíocht chomhroinnte agus RRF), custaim nó CBL.

Maidir leis na 5 Bhallstát a dúirt go raibh straitéis náisiúnta frith-chalaoise á bunú acu, thug siad le fios gur straitéisí trasearnála a bheadh sna straitéisí.

### 3.2. Bearta frith-chalaoise a glacadh ar an leibhéal náisiúnta

In 2022, thuairiscigh na Ballstáit 72 bheart a bhí beartaithe chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. I measc na 72 bheart a glacadh, ba bhearta 'aonair' iad 52 cheann acu, agus pacáistí cuimsitheacha a bhí sna 20 beart eile[25].

---

[23] Bailíodh an fhaisnéis trí cheistneoir tiomnaithe. Féach an doiciméad 'Bearta a ghlac na Ballstáit chun Airteagal 325 CFAE a chur chun feidhme' a ghabhann leis an tuarascáil seo.

[24] Tá cur chuige na Gearmáine bunaithe ar straitéisí réigiúnacha agus earnála agus cumhdaítear leis comhtháthú, RRF agus réimsí eile. Tá straitéis frithéillithe ag an gCipir agus an tSualainn lena gcumhdaítear leasanna airgeadais an Aontais freisin, fad atá straitéis shonrach tarraingthe suas ag an tSlóivéin do RRF.

Ba bhearta earnála iad formhór na mbeart a thug aghaidh ar chaiteachas na bainistíochta comhroinnte (beartais talmhaíochta, beartais iascaigh agus beartais chomhtháthaithe) agus RRF go háirithe. Bhí siad beartaithe den chuid is mó chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus a bhrath. I measc na dtéamaí a tháinig aníos cúpla uair bhí trasuí Threoir (AE) 2019/1937 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (An Treoir maidir le Cosaint do Lucht Sceite Eolais), RRF agus comhar le OIPE.

***Fíor 2 – Achoimre ar na bearta a thuairiscigh na Ballstáit in 2022***

| Ballstát | Bearta a glacadh |
|---|---|
| **An Ostair** | Lean an Ostair uirthi ag tabhairt a beart frith-chalaoise riaracháin cothrom le dáta, agus dhírigh ar chosc agus brath calaoise in aghaidh beartas comhtháthaithe agus cistí talmhaíochta. |
| **An Bheilg** | Chuir an Bheilg trí bheart frith-chalaoise i bhfeidhm. Fad a dhírigh an beart reachtach earnála ar bhrath, imscrúdú agus ionchúiseamh calaoise, bhain an pacáiste reachtach a tuairiscíodh leis na hearnálacha uile, lenar cothaíodh cosc agus brath calaoise. An t-aon bheart neamhreachtach a thuairiscigh an Bheilg ná nuashonrú eagraíochtúil ar bhainistiú cistí RRF sa Vallúin, gníomh lenar neartaíodh an t-imscrúdú ar an gcalaois ina n-aghaidh agus ionchúiseamh na calaoise sin. |
| **An Bhulgáir** | Bhí an ghníomhaíocht frith-chalaoise reachtach den chuid is mó, agus chumhdaigh sé an ciogal frith-chalaoise iomlán. Glacadh dhá nuashonrú reachtacha, dhírigh an chéad cheann ar chistí talmhaíochta, cistí iascaigh, cistí comhtháthaithe, FEAD, agus cistí CTIL, agus ba nuashonrú trasearnála é an ceann eile. Cuireadh an tríú beart reachtach le hathruithe riaracháin arbh é b’aidhm dó cistí RRF an Aontais a chosaint go cuimsitheach. |
| **An Chróit** | Dhá bheart trasearnála, ceann reachtach, lenar cinntíodh coigistiú fáltas ó choireacht, agus ceann oibríochtúil, lenar feabhsaíodh comhar le OIPE; chomh maith le hathruithe oibríochtúla ar bhainistiú cistí comhtháthaithe agus úsáid á baint as Arachne. Nuair a chuirtear le chéile iad, cumhdaítear leo an ciogal frith-chalaoise iomlán. |
| **An Chipir** | Beart reachtach arbh é b’aidhm dó cosaint níos fearr a thabhairt don lucht sceite eolais, lenar trasuíodh an Treoir maidir le Cosaint do Lucht Sceite Eolais ina dlí inmheánach, lenar cuireadh borradh faoi chosc, brath, imscrúdú agus ionchúiseamh calaoise. Dhírigh an dara beart reachtach ar ionracas agus trédhearcacht i bpróisis chinnteoireachta phoiblí a chothú, lenar cumhdaíodh na céimeanna uile den chiogal frith-chalaoise. Dírítear ar RRF agus na páirtithe leasmhara éagsúla leis an bpacáiste a ghlac an Chipir, arb é is aidhm dó an chalaois a chosc. |
| **An tSeicia** | Trí bheart oibríochtúla earnálacha, a dhíríonn ar na céimeanna uile ach amháin brath calaoise. Leis an gcéad bheart cuireadh i ngníomh forfheidhmiú smachtbhannaí an Aontais in aghaidh Chónaidhm na Rúise, feabhsaíodh comhordú, comhar agus sreabhadh faisnéise i measc údaráis na Seice. Leis an dara beart idirnascadh an clár úinéireachta tairbhiúla leis na córais faisnéise a úsáidtear i mbainistiú cistí iascaigh agus cistí comhtháthaithe, agus leis an tríú beart comhlíonadh na doiciméid |

[25] Tá na bearta PIF a ghlac na Ballstáit tuairiscithe acu ar bhonn suirbhé tiomnaithe. Bearta atá bunaithe ar ‘gníomhaíocht’ amháin, tagraítear dóibh mar ‘bearta aonair’ chun iad a idirdhealú uathu siúd a chuirtear chun feidhme ar bhonn pacáiste de ghníomhaíochtaí éagsúla (dlí nó riarachán) nó de thionscnaimh bheartais. Chun forbhreathnú iomlán agus tuairisc mhionsonraithe ar na bearta a ndéantar achoimre orthu sa roinn seo a fháil, féach ‘Bearta a ghlac na Ballstáit chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint in 2022’ a ghabhann leis an tuarascáil seo.

| | |
|---|---|
| | mhodheolaíocha uile le haghaidh an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027. |
| **An Danmhairg** | Leis an gcéad bheart féachadh leis an gcalaois in aghaidh cistí beartais comhtháthaithe a chosc agus a bhrath ar bhonn níos fearr trí bhíthin na sonraí a úsáideann Údarás Gnó na Danmhairge a fheabhsú. Thacaigh an dara beart leis na cuspóirí sin agus cur i bhfeidhm ceart rialacha luacha saothair á chosaint. Leis an tríú beart féachadh le hacmhainneacht ghníomhaireacht talmhaíochta na tíre i ndáil le frith-chalaois agus frithimghabháil a mhéadú. |
| **An Eastóin** | Bhí gníomhaíocht frith-chalaoise dírithe ar chalaois a chosc agus a bhrath. Ó thaobh an ioncaim de, chruthaigh an Eastóin uirlis TF a chuireann praghsanna dearbhaithe agus na praghsanna atá cláraithe san uirlis i gcomparáid lena chéile. Maidir leis an dara beart, nasc sé nósanna imeachta soláthair phoiblí leis na sonraisc a bhí íoctha go huathoibríoch, rud a mhéadaigh an rialúchán. Ar an tríú dul síos, thug an Eastóin a catalóg gníomhaíochtaí oiliúna frith-chalaoise cothrom le dáta. |
| **An Fhionlainn** | Dhá bheart, arb é is aidhm dóibh cosc calaoise a neartú ar bhealach trasearnála agus i ndáil le cistí RRF. Sa chéad bheart bhí treoirlínte chun srian a chur le héilliú i riarachán an stáit láir, lena reáchtáiltear agus lena ndéantar maoirsiú ar chistí an Aontais. Bhain an dara beart le seisiúin oiliúna maidir le calaois a chosc le haghaidh RRF. |
| **An Fhrainc** | Trí bheart a gcumhdaítear an chalaois a bhrath leo uile. Leis an gcéad bheart, rinneadh dlí na Fraince a ailíniú le dlí an Aontais i ndáil leis an lucht sceite eolais agus cosaint na ndaoine sin i gcoitinne. An dara gníomhaíocht, ar bheart trasearnála é freisin, bhain sé le comhaontú oiliúna agus cúrsaí oiliúna speisialta le OIPE. An tríú beart, dhírigh sé go sonrach ar RRF agus bunaíodh leis tascfhórsa chun faireachán a dhéanamh ar rioscaí calaoise agus iad a thuar. |
| **An Ghearmáin** | Trí bheart arb é is aidhm dóibh calaois in aghaidh chistí an Aontais a chosc, lena n-áirítear cistí talmhaíochta, cistí iascaigh agus cistí comhtháthaithe, ach a dhíríonn ar na trí chéim eile den chiogal frith-chalaoise freisin. I measc na mbeart tá páipéar straitéise, nuashonrú straitéiseach agus uirlis nuashonraithe féinmheasúnúcháin. |
| **An Ghréig** | Trí bheart reachtacha lena gcumhdaítear céimeanna luatha an chiogail frith-chalaoise. Ba bheart trasearnála an chéad cheann agus dhírigh an dá cheann eile ar RRF, cistí talmhaíochta agus cistí iascaigh. Leis an mbeart trasearnála, trasuíodh an Treoir maidir le Cosaint do Lucht Sceite Eolais ina dlí de chuid na Gréige. Leis an dara beart, cuireadh aonad tiomnaithe um chosc agus brath calaoise, aisghabháil agus smachtbhannaí le Gníomhaireacht Comhordúcháin RRF na Gréige. Lean an tríú beart moladh ón Aontas, lenar idirdhealaíodh riaracháin ó sheiceálacha ar an láthair faoi bhainistiú cistí talmhaíochta agus cistí iascaigh. |
| **An Ungáir** | Trí bheart a bhí dírithe ar chosc agus brath calaoise go príomha. Leis an gcéad bheart cuirtear chun feidhme an fógra ón gCoimisiún a cuireadh faoi bhráid na hUngáire faoin sásra coinníollachta, a bhaineann le córas soláthair phoiblí na tíre, trí reachtaíocht nua agus nuashonrú oibríochtúil. Leis an dara ceann neartaíodh an comhar idir an Ungáir agus OLAF i ndáil le himscrúduithe. Dhírigh an tríú ceann ar chistí iomadúla agus bhí céimeanna nua reachtacha, eagraíochtúla agus oibríochtúla ag baint leis, lenar leagadh síos an réamhobair don dá chomhlacht a rialóidh cistí an Aontais. |
| **Éire** | Dhá bheart eagraíochtúla a chothaítear trí ghníomhaíocht frith-chalaoise ar chéimeanna uile an chiogail i mbainistiú cistí talmhaíochta agus cistí iascaigh. Feabhsaíodh leis an gcéad bheart an clár calaoise, fad a bunaíodh leis an dara ceann réiteach TF le haghaidh dearbhuithe coinbhleachtaí leasa. |
| **An Iodáil** | Dhírigh trí bheart ar ioncam, lenar cumhdaíodh céimeanna uile an chiogail |

| | |
|---|---|
| | frith-chalaoise. Is é is aidhm don chéad cheann srian a chur le himghabháil cánach agus sciúradh airgid atá nasctha le hiontráil earraí tearcdhearbhaithe ón tSín i gcríoch an Aontais. Bhain an dara ceann le plean a dhíríonn ar chalaois chustaim agus CBL. Maidir leis an tríú beart, rinne sé dlí na hIodáile a ailíniú le dlí an Aontais maidir le coigistiú sócmhainní. |
| **An Laitvia** | Bhí beartaithe go bhfeabhsófar le trí bheart brath calaoise ar bhealach trasearnála agus i ndáil le calaois chánach. Baineann an chéad bheart le huirlis TF a úsáidtear chun cuardach a dhéanamh le haghaidh bratacha dearga i rialuithe agus seiceálacha i ndáil le hioncam agus caiteachas. Bhain an dara ceann le cúrsa ríomhfhoghlama maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, atá ar fáil ar fud na tíre, agus bhain an tríú ceann le hoiliúint fothaithe acmhainneachta le haghaidh na foirne ioncaim agus rialúcháin. |
| **An Liotuáin** | Gan bheith ar fáil |
| **Lucsamburg** | Cumhdaítear céimeanna uile an chiogail frith-chalaoise le dhá bheart. Leis an gcéad bheart tugadh dlí Lucsamburg maidir le cúnamh frithpháirteach agus an comhrac in aghaidh sciúrtha airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, fad a bhain an dara ceann leis an gcreat atá mar bhonn taca faoi RRP na tíre. |
| **Málta** | Beart trasearnála amháin a dhíríonn ar chalaois a chosc agus a bhrath: chéad Mheasúnú Riosca Náisiúnta na tíre ar chalaois agus éilliú. |
| **An Ísiltír** | Áirítear leis an gcéad bheart, ar beart trasearnála é, go mbeidh reachtaíocht amach anseo infhorfheidhmithe agus infhíoraithe sula dtiocfaidh sí i bhfeidhm. Maidir leis an dara beart, feabhsaíodh tuairisciú na hÍsiltíre maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta. Maidir leis an tríú beart, creat measúnúcháin riosca calaoise nuashonraithe le haghaidh cistí iascaigh a bhí ann. |
| **An Pholainn** | Díríodh le trí bheart ar chosc agus brath calaoise in ioncaim chánach, cistí comhtháthaithe agus cistí talmhaíochta. Cruthaítear córas náisiúnta ríomhshonrasctha leis an gcéad cheann. Leis an dara beart bunaíodh uirlis TF a úsáidtear le haghaidh rialuithe tionscadal an Aontais. Leis an tríú gníomhaíocht eagtar amach cleachtais chun coinbhleachtaí leasa i measc fhoireann na hAireachta Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe a chosc. |
| **An Phortaingéil** | Trí cinn de phacáistí frith-chalaoise oibríochtúla, a bhaineann le custaim, cánacha, cistí éagsúla agus cistí talmhaíochta agus cistí iascaigh. Leis an gcéad phacáiste tugadh cothrom le dáta an plean straitéiseach chun calaois chánach agus calaois i ndáil le dleachtanna custaim a chomhrac. Tugadh cothrom le dáta an straitéis náisiúnta frith-chalaoise leis an dara ceann, agus leis an tríú ceann tugadh cothrom le dáta an straitéis le haghaidh rialuithe cáilíochta *ex-ante* cistiúcháin talmhaíochta agus iascaigh. |
| **An Rómáin** | Bhain trí bheart reachtacha le céimeanna uile an chiogail frith-chalaoise, ach díríodh go sonrach leo ar chalaois a chosc agus a bhrath, go háirithe ar bhealach trasearnála, i ndáil le RRF, agus i ndáil le cistí éagsúla. Bhain an chéad ghníomhaíocht, ar gníomhaíocht trasearnála í, le trasuí na Treorach maidir le Cosaint do Lucht Sceite Eolais ina dlí inmheánach. Rialaíodh le gníomhaíocht RRF caitheamh na gcistí, agus rialaíodh leis an tríú gníomhaíocht cistí iomadúla an Aontais. |
| **An tSlóvaic** | Trí bheart a bhain le céimeanna uile an chiogail frith-chalaoise. Leasaíodh leis an gcéad bheart rialacha lena rialaítear dáileadh cistí iascaigh, cistí comhtháthaithe, agus cistí imirce agus tearmainn. Maidir leis an dara beart, ba chomhaontú comhair é sin lenar sainíodh rannchuidiú na n-údarás ábhartha amach anseo i ndáil le hiniúchadh níos éifeachtaí cistí, agus leis an tríú ceann tugadh dáileadh cistí RRF cothrom le dáta. |

| An tSlóivéin | Dhírigh an chéad bheart ar chalaois chánach agus neartú custaim, go háirithe calaois a chosc agus a bhrath. Leasaíodh leis an dara beart na nósanna imeachta um rialú agus faireachán i ndáil le cistí iascaigh. Leis an tríú beart bunaíodh lámhleabhar maidir le RRF a chur chun feidhme ar thaobh a chomhlachta comhordúcháin. |
|---|---|
| An Spáinn | Cruthaítear leis an gcéad bheart rialacha nua maidir le faisnéis airgeadais agus faisnéis eile a bhaineann le calaois. Cuimsíodh leis an dara ceann comhaontú maidir le malartú faisnéise idir údaráis ábhartha éagsúla. Maidir leis an tríú beart, a bhain go sonrach le RRF, leagadh síos rialacha le haghaidh anailís chórasach ar rioscaí a bhaineann le coinbhleacht leasa. |
| An tSualainn | Cumhdaíodh céimeanna uile an chiogail frith-chalaoise le trí bheart trasearnála. Is beart ullmhúcháin é an chéad cheann agus an tSualainn ag glacadh páirte in OIPE. Bhain an dara ceann le gníomhaíochtaí comhlachta atá tiomnaithe do chosaint leasanna airgeadais an Aontais, agus tiomnaithe chun na críche sin amháin. Ba é ba aidhm leis an tríú ceann mí-úsáid fóirdheontais agus calaois CBL agus rátaí imghabhála a laghdú. |

## 3.3. Cur chun Feidhme Mholtaí 2021 an Choimisiúin do na Ballstáit

Thug an Coimisiún ceithre mholadh do na Ballstáit i dTuarascáil PIF 2021, moltaí inar cumhdaíodh: a) trasuí ceart na Treorach CLA; b) rannpháirtíocht in OIPE; c) an comhrac in aghaidh na calaoise a dhigitiú; agus d) anailís riosca calaoise a neartú[26].

Tugtar tuairisc i roinn 2.3 ar an gcás a bhaineann le Treoir CLA.

I ndáil le rannpháirtíocht in OIPE, thug an tSualainn le fios go raibh tuilleadh ullmhúcháin reachtaigh ar bun in 2022 d'fhonn ballraíocht a ghlacadh amach anseo.

Maidir leis an gcomhrac in aghaidh calaoise a dhigitiú, ba é Arachne an córas TF ba mhó úsáide gan amhras (bhí sé á úsáid ag 21 Bhallstát), chun tacú le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (Cistí SIE) agus RRF. D'úsáid roinnt mhaith Ballstát a n-uirlisí TF frith-chalaoise tiomnaithe féin, i gcomhpháirt le huirlisí an Aontais go minic, ach b'annamh a bhí na huirlisí sin idir-inoibritheach.

I gcomhréir le moladh an Choimisiúin, chomhtháthaigh formhór na mBallstát na huirlisí TF sin ina gcomhrac in aghaidh calaoise chun sonraí a shaibhriú agus bratacha dearga, táscairí riosca agus scóir a bheachtú.

***Fíor 3 Uirlisí TF a d'úsáid na Ballstáit***




Ar an bhforiomlán, ba é measúnú na mBallstát gur chuir an digitiú le cosc agus brath calaoise agus gur shimpligh sé nósanna imeachta riaracháin. Maidir le tíortha amhail an Fhionlainn, a bhí ag brath ar uirlisí nár uirlisí den Aontas iad, thuairiscigh siad go raibh an t-ualach féideartha

[26] Chun forbhreathnú iomlán agus tuairisc mhionsonraithe a fháil ar na gníomhaíochtaí leantacha a dtugtar achoimre orthu sa roinn seo, féach 'Cur chun feidhme mholtaí 2021 ag na Ballstáit' a ghabhann leis an tuarascáil seo.

maidir le dlíthe cosanta sonraí inmheánacha a choigeartú chun freastal ar úsáid Arachne, mar shampla, dá gcosc i ndáil le déanamh amhlaidh.

Maidir le neartú anailíse riosca, mheas 14 Bhallstát go raibh an moladh sin curtha chun feidhme ina iomláine acu, d'athdhearbhaigh siad an cur chuige réamhghníomhach a bhí acu chun calaois in aghaidh bhuiséad an Aontais a chomhrac agus chuir siad tionscnaimh a bhí acu le déanaí i láthair. Ó thaobh an ioncaim de, chuir na Ballstáit i dtábhacht an Cinneadh maidir le Critéir Rioscaí Airgeadais[27], agus tacaíodh le huirlisí TF ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, amhail CRMS agus AFIS, a chabhraigh le húdaráis chánach agus le húdaráis chustaim sonraí a thochailt agus a shaibhriú ó fhoinsí éagsúla agus sonraí a mhalartú i measc na mBallstát agus le hinstitiúidí an Aontais. Ó thaobh an chaiteachais de, chuir na Ballstáit i dtábhacht córais áirithe um bainistiú riosca calaoise atá sonrach don chomhthéacs, córais a d'fhorbair údaráis bhainistíochta cistí an Aontais, chomh maith le comhordú barrleibhéil[28], úsáid uirlisí TF amhail Arachne, agus oiliúint thiomnaithe.

Maidir le Ballstáit a thug cur chun feidhme páirteach (12) le fios, thuairiscigh siad bearta den chineál céanna, don ioncam nó don chaiteachas.

# 4. Neamhrialtachtaí, calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa atá díobhálach do bhuiséad an Aontais a chomhrac

## 4.1. Forléargas ginearálta

Ó thaobh oibríochtúil de, cuirtear cosaint leasanna airgeadais an Aontais ar chalaois, neamhrialtachtaí agus gníomhaíochtaí aindleathacha eile ar iontaoibh údarás náisiúnta, OLAF agus OIPE.

Sa roinn seo tá sonraí maidir le neamhrialtachtaí braite agus calaois a thuairiscigh na Ballstáit, cé is moite díobh siúd a bhaineann le caiteachas díreach[29]. Soláthraítear faisnéis faoi imscrúduithe OLAF agus OIPE freisin[30].

In 2022 tuairiscíodh 12 455 neamhrialtacht san iomlán, arbh fhiú EUR 1.77 billiún iad. Tá méadú beag ar líon na neamhrialtachtaí a túairiscíodh i gcomparáid le 2021 (+7 %), fad a tháinig laghdú ar na méideanna gaolmhara (-13 %).

1 139 ab ea an líon neamhrialtachtaí calaoiseacha a tuairiscíodh in 2022 (+2 % i gcomparáid le 2021), méid atá sách cobhsaí le 5 bliana anuas. Bhí níos mó éagsúlachta i gceist leis na méideanna airgeadais, de bharr líon teoranta cásanna aonair lenar bhain tionchar airgeadais ard, agus laghdú in 2022 go EUR 300 milliún (-62 % i gcomparáid le 2021)[31]. Bhí an líon agus tionchar airgeadais neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha ar an leibhéal ab airde in 2022 tar éis treocht a mhéadaigh go comhsheasmhach i gcaitheamh na 5 bliana, is é sin 11 316 neamhrialtacht (+8 % i gcomparáid le 2021), lenar bhain EUR 1.47 billiún (+17 %).

---

27 C(2018)3293 final.

28 An Bhulgáir, an Chipir, Málta agus an tSlóvaic.

29 Baintear na sonraí sin ó chóras cuntasaíochta an Choimisiúin, ABAC.

30 Féach ranna 4.1.1 agus 4.1.2 faoi seach, a mbaintear an fhaisnéis iontu as a gcuid tuarascálacha féin. Tá tuarascáil OLAF le haghaidh 2022 le fáil anseo. Tá tuarascáil OIPE le haghaidh 2022 le fáil anseo.

31 Déanann an méid sin ceartú suntasach ar an gceann a foilsíodh i dTuarascáil PIF 2021 (de EUR 1.83) tar éis roinnt botún tuairiscithe a bhí nasctha le húsáid mhícheart airgeadraí náisiúnta in ionad EUR.

*Fíor 4 Neamhrialtachtaí a tuairiscíodh agus méideanna airgeadais gaolmhara - 2018-2022; neamhrialtachtaí agus méideanna airgeadais gaolmhara de réir na réimse buiséadaí – 2022*




### 4.1.1. Imscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF

In 2022 thug OLAF imscrúduithe ar 256 chás i gcrích, d'eisigh 275 mholadh, ar bhain 153 díobh sin le hairgeadas, le haghaidh méid molta iomlán le haghaidh aisghabhála de EUR 426.8 milliún agus coisceadh caitheamh míchuí EUR 197.9 milliún. Osclaíodh 192 imscrúdú nua le linn na tréimhse céanna, agus díobh sin bhain 30 ceann (16 %) le hacmhainní dílse agus trádáil neamhdhleathach, bhain 73 cinn (38 %) le bainistíocht chomhroinnte, bhain 16 cinn (8 %) le bainistíocht indíreach, agus bhain 44 cinn (23 %) le bainistíocht dhíreach. Osclaíodh 29 imscrúdú (15 %) i ndáil le hábhair inmheánacha.

Rinne OLAF imscrúdú ar thoimhdí agus cásanna claonpháirteachais, cúbláil nósanna imeachta soláthair, coinbhleachtaí leasa, sonraisc bhoilscithe, imghabháil dleachtanna custaim, smuigleáil agus góchumadh.

### 4.1.2. Imscrúduithe arna ndéanamh ag OIPE

In 2022, d'oscail OIPE 865 imscrúdú i ndáil le damáistí ar measadh iad a bheith cothrom le EUR 9.9 billiún[32]. Ag deireadh 2022, bhí 1 117 imscrúdú ar bun ag OIPE, imscrúduithe a bhaineann le damáiste ar measadh é a bheith cothrom le EUR 14.1 billiún, agus de sin bhí nach mór leath de (EUR 6.7 billiún) nasctha le 185 imscrúdú a bhí bainteach le CBL[33]. Bhain 692 imscrúdú le cásanna de chalaois chaiteachais.

I measc na dtíopeolaíochtaí a sainaithníodh sna himscrúduithe gníomhacha seo, bhain 679 gcoir le calaois chaiteachais nach mbaineann le soláthar, bhain 224 choir le calaois chaiteachais sholáthair, bhain 87 gcoir le héilliú, bhain 48 gcoir le míleithreasú, bhain 116 choir le sciúradh airgid, bhain 236 choir le calaois ioncaim nach mbaineann le CBL agus bhain 427 gcoir le calaois ioncaim CBL.

32 Ríomhtar an damáiste iomlán measta ar bhonn na luachanna a chuirtear san áireamh agus imscrúduithe fós ar bun. Áirítear na sonraí a thuairiscítear sa roinn seo i dtuarascáil bhliantúil OIPE, 2022.

33 Ní chuirtear calaois CBL san áireamh sa tuarascáil seo.

## 4.2. Ioncam – Acmhainní dílse traidisiúnta[34]

In 2022, bhí an líon **neamhrialtachtaí calaoiseacha agus neamhchalaoiseacha** (4 661) a bhain le hAcmhainní Dílse Traidisiúnta (ADT) 7.6 % ní b'airde ná an meánlíon neamhrialtachtaí a tuairiscíodh le 5 bliana anuas. Tháinig laghdú 6.8 % ar an líon neamhrialtachtaí calaoiseacha agus tháinig méadú 9.4 % ar an líon neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha i gcomparáid leis an meán 5 bliana le haghaidh 2018-2022. Tháinig méadú 47 % ar an **méid** iomlán ADT a mheas agus a shuigh na Ballstáit, go EUR 783 mhilliún[35].

Cé gurb í an **smuigleáil** ceann de na *modus operandi* príomhúla atá ann i gcásanna calaoiseacha, baineann formhór na gcásanna a tuairiscíodh in 2022 le **luach mícheart** agus **aicmiú mícheart**/míthuairisc earraí. Ba iad **teicstílí agus coisbhirt** na hearraí a ndearnadh an difear ba mhó dóibh, ní hamháin i dtéarmaí líon na gcásanna, ach an luach go háirithe. Ba í **an tSín** an tír thionscnaimh ba shuntasaí maidir le hearraí a rinne neamhrialtachtaí difear dóibh.

Thuairiscigh 14 Bhallstát 116 chás de **thoitíní smuigleáilte**, agus thart ar EUR 38 milliún a bhí sa mhéid measta ADT lenar bhain. I gcomparáid le 2021, lean 10 mBallstát[36] orthu ag tuairisciú cásanna smuigleála, fad a thuairiscigh ceithre Bhallstát na cásanna sin den chéad uair in 2022[37]. D'fhéadfadh sé go dtugtar le fios leis sin aistriú féideartha calaoise nó bealaí smuigleála toitíní chuig Ballstáit eile.

Is é **scaoileadh i saorchúrsaíocht** an nós imeachta custaim a ndéanann neamhrialtachtaí calaoiseacha agus neamhchalaoiseacha an difear is mó dó fós (3 799 gcás de mhéid foriomlán de EUR 688 milliún). I gcomparáid le 2021, thuairiscigh an Ghearmáin méadú mór ar chásanna neamhchalaoiseacha a bhain le 'scaoileadh i saorchúrsaíocht' in 2022, fad a thuairiscigh cuid dá Ballstáit chomharsanachta méadú ar 'idirthuras' (e.g. an tSeicia agus an Ísiltír) chomh maith le laghdú ar 'scaoileadh i saorchúrsaíocht' (an Ísiltír).

Bhí ról ríthábhachtach ag imscrúduithe arna ndéanamh ag **seirbhísí frith-chalaoise** náisiúnta chomh maith le rialuithe scaoilte custaim i mbrath na gcásanna calaoiseacha in 2022. Braitheadh cásanna neamhchalaoiseacha le **rialuithe iarscaoilte** den chuid ba mhó, ach tháinig méadú ar mhodhanna eile braite amhail rialuithe scaoilte agus iniúchtaí cánach freisin.

In 2022, dhírigh seirbhísí an Choimisiúin ar a **imscrúduithe ar an láthair sna Ballstáit** ar an straitéis rialúcháin le haghaidh coinsíneachtaí ríomhthráchtála agus luacha ísil agus an straitéis rialúcháin le haghaidh dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh. Thairis sin, bhí iniúchtaí an Choimisiúin dírithe ar thrí thopaic dhifriúla in 2022: Earraí a bhain le COVID-19 a bhí faoi réir faoiseamh ó dhleacht, Faisnéis Cheangailteach i leith Tionscnaimh (BOI) agus cásanna oscailte cuntas B.

---

[34] Chun anailís mhionsonraithe a fháil ar neamhrialtachtaí a thuairiscigh na Ballstáit i ndáil le ADT, féach 'Meastóireacht staidrimh ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh maidir le hacmhainní dílse, acmhainní nádúrtha, beartas comhtháthaithe, cúnamh réamhaontachais, agus caiteachas díreach in 2022' a ghabhann leis an tuarascáil seo, roinn 2.

[35] In 2022, rinne ceithre chás mhóra de neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha difear suntasach don mhéid iomlán, neamhrialtachtaí a tuairiscíodh sa Bheilg (EUR 305 mhilliún).

[36] An Bheilg, an Bhulgáir, an Ghearmáin, Eastóin, an Ghréig, an Fhrainc, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an Rómáin.

[37] An Spáinn, an Chróit, an Ostair agus an Phortaingéil.

***Fíor 5 Neamhrialtachtaí a braitheadh agus a tuairiscíodh in ADT agus an brath de réir an chineáil rialúcháin***




***Léargas 2: Comhoibríochtaí Custaim***

Is gníomhaíochtaí spriocdhírithe lena mbaineann tréimhse theoranta iad Comhoibríochtaí Custaim (JCOnna) arb é is aidhm dóibh calaois agus smuigleáil earraí íogaire a chomhrac i limistéir shonracha atá i mbaol agus/nó ar bhealaí trádála sainaitheanta. In 2022, chomheagraigh OLAF 10 gComhoibríocht Chustaim, nó thug sé tacaíocht dóibh, lenar cumhdaíodh réimse leathan spriocanna, lena n-áirítear smuigleáil tobac, earraí a measadh faoi bhun luacha agus airgead tirim ag teacht isteach nó ag imeacht ón Aontas[38].

## 4.3. Caiteachas

### 4.3.1. Talmhaíocht[39]

Le linn na tréimhse 2018-2022, tháinig méadú ar neamhrialtachtaí calaoiseacha a tuairiscíodh in IMS le haghaidh na **forbartha tuaithe**, de bharr líon na mbrath a bhí ag ardú le linn na clárthréimhse 2014-2020. Mar sin féin, bhí líon na neamhrialtachtaí calaoiseacha sin ní b'ísle ná an líon a raibh coinne leis. Ba cheart faireachán a dhéanamh air sin chun fócas ar bhrath calaoise a áirithiú. Bhí treocht na neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha cosúil leis sin ach ní raibh sé a fheiceálaí céanna. In 2022, tháinig méadú ar neamhrialtachtaí calaoiseacha faoi **thacaíocht le talmhaíocht** i gcomparáid le 2021, de bharr tuairisciú a bhain le híocaíochtaí díreacha, arna ndéanamh ag dhá Bhallstát, go príomha. Bhain an méadú sin i bpáirt le tuairisciú roinnt mhaith neamhrialtachtaí beaga idirnasctha. Tháinig luaineacht mhór sna méideanna airgeadais neamhrialta a bhain le neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha, de bharr na tuairiscithe i roinnt blianta ar chásanna a bhain le méideanna eisceachtúla go príomha, le haghaidh **bearta margaidh**.

38 Féach Tuarascáil Bhliantúil OLAF, 2022, https://ec.europa.eu/olaf-report/2022/investigative-activities/protecting-eu-revenue/conducting-joint-customs-operations_en.html

39 Chun anailís mhionsonraithe a fháil ar neamhrialtachtaí a thuairiscigh na Ballstáit i ndáil le talmhaíocht, féach 'Meastóireacht staidrimh ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh maidir le hacmhainní dílse, acmhainní nádúrtha, beartas comhtháthaithe, cúnamh réamhaontachais, agus caiteachas díreach in 2022' a ghabhann leis an tuarascáil seo, roinn 3.

Bhí rátaí braite le haghaidh forbairt tuaithe i bhfad ní b’airde ná tacaíocht le talmhaíocht. Mar sin féin, bhí na rátaí braite ab airde ag baint le cuid amháin de thacaíocht le talmhaíocht, bearta margaidh. Bhí brath neamhrialtachtaí, cinn calaoiseacha go háirithe, cruinnithe i roinnt Ballstát.

Le linn na tréimhse 2018-2022, ba mhinic gur bhain neamhrialtachtaí calaoiseacha le **brionnú na hiarrata ar chabhair** nó **brionnú cruthúnais dhoiciméadaigh**. Maidir le bearta margaidh agus forbairt tuaithe, bhí sáruithe a bhain le **cur chun feidhme na gníomhaíochta** suntasach freisin.

***Fíor 6 Íocaíochtaí agus neamhrialtachtaí a tuairiscíodh in CBT de réir an chineáil caiteachais***[40]

Íocaíochtaí de réir an chineáil caiteachais - 2022

| Cineál caiteachais | Bliain 2022 Íocaíochtaí EUR milliún |
|---|---|
| Íocaíochtaí Díreacha | 37,978 |
| Idirghabháil i margaí talmhaíochta | 2,881 |
| Forbairt Tuaithe | 14,928 |
| CBT Iomlán | 55,788 |

FDR agus IDR de réir an chineáil caiteachais - 2018-2022

| FDR | Cineál caiteachais | IDR |
|---|---|---|
| 0.02% | Íocaíochtaí Díreacha | 0.06% |
| 0.37% | Idirghabháil i margaí talmhaíochta | 2.22% |
| 0.12% | Forbairt Tuaithe | 0.64% |
| 0.06% | CBT Iomlán | 0.31% |

Cineálacha braite neamhrialtachtaí de réir an chineáil caiteachais - 2018-2022

| Modus operandi | Íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí | Bearta margaidh | Forbairt tuaithe |
|---|---|---|---|
| | braite in % cásanna | | |
| Iarraidh/Tairbhí | 22% | 0% | 9% |
| Cruthúnas doiciméadach | 21% | 50% | 27% |
| Iarraidh | 20% | 0% | 14% |
| Táirge, speiceas agus/nó talamh/Iarraidh/tairbhí | 17% | 0% | 0% |
| Iarraidh/Táirge, speiceas agus/nó talamh | 12% | 13% | 0% |
| Tairbhí | 4% | 0% | 14% |
| Eile | 2% | 13% | 7% |
| Táirge, speiceas agus/nó talamh | 1% | 13% | 0% |
| Cruthúnas doiciméadach/(Neamh-)g(h)níomhaíocht | 0% | 0% | 5% |
| (Neamh-)g(h)níomhaíocht | 0% | 13% | 12% |
| (Neamh-)g(h)níomhaíocht/Táirge, speiceas agus/nó talamh | 0% | 0% | 1% |
| Cruthúnas doiciméadach/Iarraidh | 0% | 0% | 0% |
| Táirge, speiceas agus/nó talamh/Tairbhí | 0% | 0% | 0% |
| Eitic agus Sláine | 0% | 0% | 0% |




***Léargas 3 – Rioscaí agus sáruithe sa Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT)***

Braitheann rioscaí agus sáruithe ar an gcineál birt. Mar shampla, d’fhéadfadh iarratasóirí le haghaidh íocaíochtaí díreacha cabhair a iarraidh le haghaidh dáileachta talún nach bhfuil an ceart úsáide acu ina leith, ar bhonn conarthaí bréagacha cíosa, nó d’fhéadfaidís na dálaí chun tacaíocht airgeadais a fháil a chruthú go saorga. D’fhéadfaí go mbeadh tuilleadh airde tuillte ag cleachtais talmhaíochta, lena n-áirítear iad siúd a théann chun tairbhe na haeráide agus an chomhshaoil, d’fhonn sáruithe d’aon ghnó a shainaithint. D’fhéadfadh an rud céanna a bheith i gceist maidir le scéimeanna íocaíochta bunaithe ar an líon ainmhithe agus ar an gcineál ainmhí. Maidir le sáruithe a bhaineann le bearta margaidh, d’fhéadfadh baint a bheith acu, mar shampla, le tarraingt siar táirgí talmhaíochta ón margadh nó costas, cur chun feidhme iarbhír nó úsáid infheistíochtaí ó eagraíochtaí táirgeoirí, amhail oibreacha le haghaidh suíomhanna stórála nó ceannach innealra nó trealaimh. Rinne OLAF imscrúdú ar roinnt cásanna casta a bhain le cur chun cinn táirgí talmhaíochta.

I gcás forbartha tuaithe, féadfaidh tairbhithe, mar shampla, sonraisc bhréagacha a úsáid, dearbhú a dhéanamh gur trealamh nua atá ann i gcás inar trealamh athláimhe atá ann le fírinne, tairiscintí a chúbláil i gcomhthéacs soláthair agus faisnéis bhréagach maidir le comhlíonadh coinníollacha chun cabhair a fháil. D’fhéadfadh baint a bheith ag sáruithe le faisnéis a sholáthróidh an t-iarratasóir chun go roghnófar an tionscadal, réamhíocaíocht a fháil nó na critéir le haghaidh rochtain ar scéim tacaíochta a chomhlíonadh. D’fhéadfadh an tairbhí na rialacha maidir le soláthar a shárú, aisíocaíocht a iarraidh le haghaidh costais bhoilscithe nó le haghaidh idirbheart nach ann dóibh fiú, nó aisíocaíocht a iarraidh le haghaidh costas a cistíodh i gcomhthéacs eile. B’fhéidir nach gcloífidh an tairbhí leis an bplean gnó, chun an infheistíocht a úsáid le haghaidh na críche beartaithe nó chun an infheistíocht uile a úsáid. D’fhéadfaí go mbeadh tuilleadh airde

[40] Ríomhtar Ráta an Bhraite Calaoise (FDR) mar chéatadán méideanna neamhrialta airgeadais atá nasctha le neamhrialtachtaí calaoiseacha ar na híocaíochtaí iomlána. Ríomhtar Ráta an Bhraite Neamhrialtachta (IDR) mar chéatadán méideanna neamhrialta airgeadais atá nasctha le neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha ar na híocaíochtaí iomlána.

tuillte ag caitheamh infheistíochta a bhaineann le limistéar nó ainmhí d’fhonn sáruithe d’aon ghnó a shainaithint.

### 4.3.2. An beartas comhtháthaithe[41]

Maidir le neamhrialtachtaí calaoiseacha a bhaineann leis an gclárthréimhse 2007-2013, mar a tuairiscíodh in IMS, bhain siad a mbuaic amach in 2015, agus tháinig laghdú céimneach orthu sna blianta a leana, agus in 2018 bhí na neamhrialtachtaí a bhaineann leis an gclárthréimhse 2014-2020 ní b’airde ná iad. Tá na dinimicí sin i gcomhréir le treochtaí agus patrúin aitheanta atá nasctha le timthriallta cur chun feidhme ilbhliantúla. Tá méadú ag teacht ar thuairisciú neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha a bhaineann leis an gclárthréimhse 2014-2020 ó bhí 2017, ach ar ráta níos ísle ná an ráta a raibh coinne leis. Bhí an líon agus na méideanna airgeadais neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha a tuairiscíodh le linn na gcéad 9 bliana de chlárthréimhse 2007-2013 i bhfad ní b’airde ná iad siúd a tuairiscíodh le linn na clárthréimhse 2014-2020. Baineann sé sin leis na cistí uile agus formhór na mBallstát[42].

A mhéid a bhaineann le calaois, bhain an cineál sáraithe ba mhinice le doiciméid tacaíochta. Bhí méideanna arda airgeadais i gceist le neamhrialtachtaí calaoiseacha a raibh sáruithe ar fhorálacha/rialacha conartha ann, cás nár cuireadh an ghníomhaíocht chistithe chun feidhme ina hiomláine nó nár cuireadh chun feidhme í ar chor ar bith go minic. Ba iad na sáruithe ar rialacha soláthair phoiblí na neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha ba mhó a tuairiscíodh. B’annamh a bhíothas in amhras go raibh calaois i gceist. Maítear leis sin gur cheart brath calaoise, imscrúdú agus ionchúiseamh nó cumas riaracháin údarás conarthach a fheabhsú. Bhain an chuid is mó de na sáruithe calaoiseacha maidir le heitic agus ionracas a bhain le coinbhleachtaí leasa. Is iad eitic agus ionracas an chatagóir sáraithe ina bhfaightear calaois is minice. B’annamh a tuairiscíodh éilliú.

***Fíor 7 neamhrialtachtaí tuairiscithe de réir na clárthréimhse, an chiste, agus na tíopeolaíochta. IDR agus FDR de réir clárthréimhse[43]***




41 Chun anailís mhionsonraithe a fháil ar neamhrialtachtaí a thuairiscigh na Ballstáit i ndáil leis an mbeartas comhtháthaithe, féach ‘Meastóireacht staidrimh ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh maidir le hacmhainní dílse, acmhainní nádúrtha, beartas comhtháthaithe, cúnamh réamhaontachais, agus caiteachas díreach in 2022’ a ghabhann leis an tuarascáil seo, roinn 4.

42 Foilsíodh anailís dhomhain ar an treocht seo i dTuarascáil PIF 2021, léargas 17, leathanach 38.

43 Chun an sainmhíniú ar IDR agus FDR a fháil féach fonóta 40.

***Léargas 4 – Réimsí atá i mbaol sa bheartas chomhtháthaithe***

A mhéid a bhaineann le calaois, is cosúil go bhfuil rioscaí níos airde i ndáil leis an méid seo a leanas: (i) iompar agus cosaint an chomhshaoil, mar gheall ar mhéideanna arda airgeadais a bhaineann le neamhrialtachtaí; (ii) taighde, forbairt theicneolaíoch agus nuálaíocht (TFTN) agus fostaíocht, mar gheall ar mhinicíocht neamhrialtachtaí calaoiseacha. I dtéarmaí calaois a bhaineann leis an aistriú glas, maítear san anailís go bhfuil rioscaí níos airde ag baint le hinfheistíochtaí sa mhéid seo a leanas: (i) éifeachtúlacht fuinnimh; (ii) soláthar uisce óil; (iii) bainistíocht dramhaíola. Maidir le calaois a bhaineann le hiompar agus líonraí, maítear san anailís go bhfuil rioscaí níos airde ag baint le hinfheistíochtaí sa mhéid seo a leanas: (i) bóthair nach bhfuil mar chuid de GTE (an Gréasán Tras-Eorpach), mar gheall ar an líon neamhrialtachtaí, atá nasctha, is dócha, le líon níos airde tionscadal a bhaineann an leibhéal réigiúnach nó an leibhéal áitiúil amach; (ii) iarnróid agus bóthair GTE, mar gheall ar na méideanna arda airgeadais atá i gceist. A mhéid a bhaineann le calaois a bhaineann le cuimsiú sóisialta, maítear san anailís go bhfuil rioscaí níos airde ag baint le hinfheistíochtaí i gcuimsiú gníomhach agus i mbonneagar cúraim sláinte.

### 4.3.3. Réimsí buiséadacha eile[44]

Is í an **Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais** (IPA) an bealach ina bhfuil tacaíocht á tabhairt ag an Aontas d’athchóirithe sa réigiún um méadú trí chúnamh airgeadais agus cúnamh teicniúil ó bhí 2007 ann. Bhain neamhrialtachtaí a tuairiscíodh le linn na tréimhse 2018-2022 maidir le réamhaontachas le cistí a dáileadh faoi Ionstraim I um Chúnamh Réamhaontachais (IPA I), 2007-2013 agus IPA II, 2014-2020 go príomha. Bhain an líon neamhrialtachtaí tuairiscithe agus méideanna gaolmhara an bhuaic amach in 2022. Mar sin féin, bhí na neamhrialtachtaí calaoiseacha tuairiscithe ar an ráta ab ísle le 5 bliana anuas. Maidir le neamhrialtachtaí, idir neamhrialtachtaí calaoiseacha agus neamhchalaoiseacha, baineann siad go príomha le cuid na forbartha tuaithe agus comhar trasteorann.

Bhí neamhrialtachtaí, idir neamhrialtachtaí calaoiseacha agus neamhchalaoiseacha, a bhain le caiteachas a eisíocadh faoi **bhainistíocht dhíreach** sách cobhsaí le linn na tréimhse 2018-2022. Braitheadh breis agus 80 % de na neamhrialtachtaí a sainaithníodh mar neamhrialtachtaí a d’fhéadfadh a bheith calaoiseach tar éis imscrúduithe OLAF.

## 4.4. Coireacht eagraithe, éilliú agus coinbhleachtaí leasa

Tá faisnéis maidir le gníomhaíocht **coireachta eagraithe** in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais ar fáil i dtuarascáil bhliantúil OIPE, ina dtugtar le fios 122 chion, a ndearnadh imscrúdú orthu, a bhain le heagraíochtaí coireachta a ndíríonn PIF orthu ina n-imscrúduithe gníomhacha faoi dheireadh 2022.

I ndáil le cásanna **éillithe**, thuairiscigh OIPE 87 gcion, a ndearnadh imscrúdú orthu, ag deireadh 2022. I gcaitheamh na mblianta 2018-2022, thuairiscigh 10 dtír 30 cás trí IMS, agus as sin bhain cúig cinn le talmhaíocht, 22 cheann le comhtháthú agus bhain trí cinn le réamhaontachas. Meastar gur thart ar EUR 50 milliún atá sa damáiste a bhaineann leo.

I gcaitheamh na tréimhse céanna, tuairiscíodh 375 chás a bhain le **coinbhleachtaí leasa** trí IMS (bhain 86 % le comhtháthú, 9 % le talmhaíocht agus 5 % le réamhaontachas) agus bhí beagnach

[44] Chun anailís mhionsonraithe a fháil ar neamhrialtachtaí a thuairiscigh na Ballstáit i ndáil le réamhaontachas agus bainistíocht dhíreach, féach ‘Meastóireacht staidrimh ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh maidir le hacmhainní dílse, acmhainní nádúrtha, beartas comhtháthaithe, cúnamh réamhaontachais agus caiteachas díreach in 2022’ a ghabhann leis an tuarascáil seo, ranna 5 agus 6.

EUR 117 milliún i gceist leis na cásanna sin. Nochtar san anailís ar na neamhrialtachtaí sin go mbaineann na coinbhleachtaí leasa tuairiscithe le caidrimh idir faighteoirí na gcistí agus a gconraitheoirí nó fochonraitheoirí go príomha, bunaithe ar sháruithe sonracha ar rialacha náisiúnta. Ní bhaineann ach 7 % de na cásanna le coinbhleachtaí leasa le linn chéim dhámhachtana/meastóireachta na dtionscadal, rud a chiallaíonn go bhfuil baint ag comhaltaí coistí meastóireachta leis. Cé gur braitheadh thart ar dhá thrian de na cásanna sin trí rialuithe agus deimhnithe caighdeánacha, braitheadh an trian eile trí fhoinsí lasmuigh de na córais bhainistíochta agus rialúcháin, amhail 'noda ó fhaisnéiseoirí', 'imscrúduithe OLAF nó faisnéis ó OLAF', 'imscrúduithe arna ndéanamh ag na póilíní náisiúnta' agus 'míreanna sa phreas'.

## 5. CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ

Cuirtear i dtábhacht i Straitéis Frith-Chalaoise an Choimisiúin bailiú sonraí agus anailís ar shonraí agus eolas a fhorbairt chun díriú ar iarrachtaí frith-chalaoise ar bhonn níos fearr. Tá tuilleadh digitiúcháin fíor-riachtanach chun inrochtaineacht agus úsáid sonraí a mhéadú agus chun cosc agus brath calaoise níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a áirithiú dá réir sin. Cuirtear i dtábhacht sa straitéis freisin an tábhacht a bhaineann le rialachas frith-chalaoise, agus an tábhacht a bhaineann leis na próisis agus struchtúir chearta a bheith i bhfeidhm chun comhar agus comhordú i measc na ngníomhairí ábhartha uile a áirithiú. Ón taithí atá faighte ag an gCoimisiún agus na Ballstáit le blianta beaga anuas deimhnítear gur gá leanúint sa treo sin chun dul i ngleic le calaois ar bhealach iomlánaíoch comhordaithe.

### 5.1. An chalaois a thuiscint chun í a chomhrac ar bhealach níos éifeachtúla

Le hanailís chríochnúil chúramach ar shonraí is féidir céimeanna uile an chiogail frith-chalaoise a fheabhsú. Is féidir leis cosc agus brath a fheabhsú go háirithe le moltaí straitéiseacha agus oibríochtúla chun cabhrú le gníomhairí frith-chalaoise dul i ngleic le calaoiseoirí ar bhonn níos éifeachtaí. Braitheann fóntacht na hanailíse sin ar infhaighteacht agus cáilíocht na sonraí ábhartha.

Soláthraítear i gcreat dlíthiúil an Aontais creat leordhóthanach le haghaidh mhalartú na faisnéise ábhartha i ndáil le hioncam agus caiteachas araon.

Ó thaobh an chaiteachais de, is é tuairisciú na calaoise agus na neamhrialtachtaí trí IMS an bealach a mbailítear na sonraí, agus tá an Coimisiún tiomanta don chóras a fheabhsú tuilleadh agus tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun an treoraíocht maidir le tuairisciú neamhrialtachtaí a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta.

Ó thaobh an ioncaim de, tá na rioscaí a bhaineann le cineálacha áirithe earraí fós ard. Tuairiscíonn na Ballstáit calaois agus neamhrialtachtaí a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta tríd an iarratas OWNRES. Tá cur chuige tráthúil agus réamhghníomhach maidir leis an rioscaí atá ann cheana a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, chomh maith le treochtaí nua calaoise riachtanach chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go héifeachtach.

I mórán Ballstát, tá céatadán na neamhrialtachtaí a aicmítear mar chalaois amhrasta roinnt mhaith blianta tar éis an tuairiscithe tosaigh an-ard, fiú i ndáil le cásanna a thugtar le fios go bhfuil siad dúnta. Féadfar a thuiscint dá bharr sin nach ndéanann na húdaráis bhreithiúnacha bearta leantacha i gceart i ndáil leis na hamhrais sin, e.g. de bharr acmhainní neamh-leordhóthanacha, nó nach bhfuil aon bhealach cumarsáide cuí ann idir údaráis bhreithiúnacha agus údaráis tuairiscithe. D’fhéadfadh an cás a bheith amhlaidh mar gheall ar amhras seasmhach gníomhaireachtaí íocaíochta agus údarás bainistíochta, fad nár seoladh imeachtaí coiriúla, coisceadh iad le reacht na dtréimhsí nó ní raibh fianaise leordhóthanach ar chalaois ann dá thoradh.

***Moladh 1: Brath, tuairisciú agus bearta leantacha i ndáil le calaois amhrasta a fheabhsú***

Féadtar brath agus tuairisciú calaoise amhrasta a fheabhsú go mór fós, chomh maith leis na bearta leantacha i ndáil leis. Is féidir difríochtaí suntasacha idir Ballstáit a fheiceáil fós. Sna Ballstáit a bhfuil ráta tarlaithe íseal i ndáil le calaois, ba cheart do na húdaráis inniúla infheistíocht a dhéanamh in anailís riosca ar chalaois chun measúnú a dhéanamh ar an méid a bhaineann brath íseal le leibhéil ísle calaoise iarbhír a dhéanann difear dá n-oibríochtaí nó le laigí córasacha sna córais braite nó tuairiscithe.

Má shainaithnítear aon laige i mbrath na calaoise, ba cheart do na Ballstáit díriú ar chomharthaí calaoise a bhrath agus, i gcás ina bhfaightear neamhrialtachtaí, aghaidh a thabhairt ar cheist na hintinniúlachta go cúramach.

Má thugann na saincheisteanna sainaitheanta cleachtais tuairiscithe le fios (e.g. moill a chur ar aicmiú mar chalaois amhrasta), ba cheart do na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh orthu agus an gá le haghaidh sreabhadh eolais níos fearr idir údaráis bhreithiúnacha agus údaráis eile á chur san áireamh.

## 5.2. An comhrac in aghaidh na calaoise a nuáil: an cás le haghaidh digitiú

D'ainneoin go raibh sé ag croílár roinnt moltaí san am atá caite, tá an fócas ar an digitiú sa chomhrac in aghaidh calaoise níos ábhartha anois ná riamh. Ba cheart leas iomlán a bhaint as na deiseanna a thairgtear le teicneolaíochtaí nua chun calaoiseoirí a chomhrac, calaoiseoirí ar cosúil go bhfuil siad níos eagraithe agus níos fearr ó thaobh teicneolaíochta de ná riamh.

***Moladh 2: An-aird ag na Ballstáit ar dhigitiú an chomhraic in aghaidh calaoise***

Ní mór do dhigitiú an chomhraic in aghaidh calaoise a bheith ag croí na straitéisí frith-chalaoise. Léirítear leis acmhainn agus bagairt araon, toisc go bhfuil calaoiseoirí ag baint úsáid agus leas as teicneolaíochtaí nua ar ráta méadaitheach anois chun a gcuid coireanna a dhéanamh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil digitiú an chomhraic in aghaidh calaoise mar chuid dá straitéisí náisiúnta frith-chalaoise. Leis an gcur chuige sin ba cheart straitéisí chun an méid seo a leanas a dhéanamh a shainiú: (i) bagairtí atá ann cheana agus cinn a bheidh ann amach anseo de bharr teicneolaíochtaí nua a shainaithint; (ii) an struchtúr TF a bhfuil gá leis a fhorbairt (fardal a dhéanamh de na huirlisí atá ann cheana, cinn nua a fhorbairt, idir-inoibritheacht iomchuí eatarthu a áirithiú); agus (iii) na bearnaí atá ann cheana a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, i dtéarmaí na scileanna a bhfuil gá leo chomh maith.

## 5.3. Rialachas frith-chalaoise a neartú

Tá an argóint le haghaidh glacadh forleathan na straitéisí náisiúnta frith-chalaoise chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint curtha chun cinn ag an gCoimisiún go comhsheasmhach. Leis na straitéisí sin is féidir a áirithiú go mbeidh cur chuige coiteann ag na gníomhairí náisiúnta éagsúla lena mbaineann agus gur féidir comhar le leibhéal an Aontais a éascú. Mar gheall ar an ról tábhachtach atá ag OLAF agus OIPE i gcomhrac na calaoise trasteorann go háirithe, tá an timpeallacht frith-chalaoise, atá ag éirí níos casta i gcónaí, agus sofaisticiúlacht calaoiseoirí, comhar agus comhordú ar fud teorainneacha eagraíochtúla níos tábhachtaí ná riamh.

***Moladh 3: Rialachas frith-chalaoise sna Ballstáit a athneartú***

Tá líonraí frith-chalaoise náisiúnta á bhforbairt i roinnt Ballstát, agus tá ról tábhachtach ag an AFCOS náisiúnta. Tacaíonn an Coimisiún leis an bpróiseas seo agus spreagann sé é, próiseas ba cheart a leathnú do na gníomhairí uile lena mbaineann, próiseas a bhaineann leis na húdaráis forfheidhmithe dlí ábhartha agus na húdaráis bhreithiúnacha ábhartha ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go bhfuil foireann chuí ag na struchtúir náisiúnta a chomhordaíonn an próiseas seo.

Soláthraíonn líonraí frith-chalaoise an struchtúr foirfe chun straitéisí náisiúnta frith-chalaoise a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta.

Molann an Coimisiún athuair do na Ballstáit nach bhfuil straitéis náisiúnta frith-chalaoise glactha acu fós déanamh amhlaidh.